


# Bliain Idirnáisiúnta Phláinéad an Domhain 2007 - 2009

De bharr gur maraíodh 230,000 duine san anachain a tharla 26ú Nollaig 2004 táthar tar éis tosú ag obair anois ar chóras rabhaidh tsunami thart timpeall ar an Aigéan Indiach. Tá eolaithe Domhain inníoch toisc nach mbaintear an leas is cóir a bhaint as an eolas atá acu faoin Domhan agus a fhéadfadh mórán beatha agus slí bheatha a chur ó bhaol. Cé mhéad duine eile a mharófar trí fhaillí sula gcuirfear i bhfís orainn go bhfuil géarghá ann leis an tuiscint atá ar an Domhan againn a chur in ócáid ar shlí níos fearr.

## Cé a bheidh ag tabhairt tacaíochta don bhliain?

Tá fógartha ag na Náisiúin Aontaithe gur Bliain Idirnáisiúnta Phlaineád an Domhain í 2008 a mbeidh mar aidhm aici go mbainfidh an tsochaí earraíocht níos mó agus níos éifeachtaí as an eolas atá ag an 400,000 eolaí Domhain – dóchas atá léirithe i bhfotheideal na Bliana, *Earth Science for Society*. Is iad Aontas Idirnáisiúnta na nEolaíochtaí Geo-eolaíochta agus UNESCO comh-bhunaitheoirí na Bliana.

I measc phobail geo-eolaíochta an domhain, beidh 12 eagrais de Pháirtneír Bhunaidh agus 26 eagrais de Pháirtneír Chomhlacha as gach aon ilchríoch páirteach sa Bhliain. Rachaidh an t-idirghaol comhoibríthe fóna atá ann faoi láthair le gach tionscnamh idirnáisiúnta chun sochair don Bhliain, lena n-áirítear An Bhliain Idirnáisiúnta Polach, an Bhliain leictreonach Geoifisiceach, agus an Bhliain Idirnáisiúnta Héileafisiceach. Tá lántacaíocht pholaitiúil aici ó 191 náisiún de chuid na Náisiún Aontaithe. Chun gníomhaíochtaí a chur ar bun táthar tar éis Coistí Náisiúnta a chruthú i 12 tír acu sin. Táthar ag tiargáil chun Coistí Náisiúnta a sheoladh i 40 ceann eile.



## Conas a oibreoidh sí?

Ta dhá phríomh-ghníomhaíocht leagtha amach do Bhliain Idirnáisiúnta Phlaineád an Domhain: Clár Eolaíochta agus Clár Forochtana, a mbeidh an stádas céanna acu agus a mbuiséid ar chóimhéid geall leis. Lorgófar urraíocht ó thionscail agus ó rialtais ar fud na cruinne.

Díreofar iarracht Bhliain na hEolaíochta ar 10 dtéama leathan ildisciplíneach a bhaineann leis an tsochaí: sláinte, aeráid, screamhuisce, aigéan,

ithreacha, Domhan domhain, ollchathracha, guaiseacha, agus an bheatha. Táthar tar éis bróisiúir a scríobh ar gach téama acu sin, agus beidh fáilte roimh eolaithe ó gach cearn den Domhan moltaí a chur isteach a bheidh dírithe ar shaincheistanna laistigh de gach téama. Ta fáil ar gach ceann díobh sin ag [www.yearofplanetearth.org](http://www.yearofplanetearth.org).

Leagtar amach i mBróisiúir Chlár Forochtana (# 11) na bealaí ina bhféadfáir aird níos mó a dhíriú ar an mbaint atá ag eolaíochtaí Domhain leis an tsochaí, agus iarrtar tairiscintí urraíochta i dtaca le cur chuige a bheadh bunaithe ar an mbun aníos nó ar an gcosmhuintir cosúil leis an gceann ar bhain Clár Eolaíochta na Bliana feidhm as (agus Clár Gheo-eolaíochta Idirnáisiúnta UNESCO (CGI) ar a bhfuil an bhliain ar fad bunaithe.)

Más spéis le duine ar bith tairiscintí tacaíochta a thabhairt don tionscadal i leith ghníomhaíochtaí eolaíochta nó forochtana de chuid na Bliana, ba chóir dó dul go dtí [www.yearofplanetearth.org](http://www.yearofplanetearth.org) láithreach, agus foirm Léiriú Spéise a líonadh.

## Cathain a thosóidh na gníomhaíochtaí?

Is í 2008 Bliain na Náisiún Aontaithe féin ach beidh tréimhse maoinithe na Bliana Idirnáisiúnta thar trí bliana, ó 2007 go dtí 2009.

## Tabhair tacaíocht don tionscadal seo

Tá Bliain Idirnáisiúnta Phlaineád an Domhain ag baraídh ar dhifríocht mhór a dhéanamh. Músclóidh sé meas domhanda ar an Domhan féin mar bhunfhoinse ár riachtanas uile laethúil geall leis agus mar bhonn lenár sochaí agus ár ngeilleagar domhanda. Cuirfidh sé níos mó ar ár n-aire sinn maidir leis na priacail a ghabhann leis an Domhan, agus cuirfidh sé chomh maith leis an stór eolais a bheidh de dhíth orainn amach anseo chun na priacail sin a mhaolú.

**Chun a thuilleadh eolais a fháil – téigh go dtí [www.yearofplanetearth.org](http://www.yearofplanetearth.org)**

